# Bród na Gaeltachta '22

**18ú - 23ú Iúil**

18th - 23rd July

## Cloich Cheann Fhaola



www.brodnagaeltachta.ie

@BrodnaGael @BrodnaG @BrodnaGael




Seo an chéad "BRÓD na Gaeltachta", féile stairiúil i gCloich Cheann Fhaola 18ú – 23ú Iúil.
Féile le cur chuige ionchuimsitheach a bheidh ann ach béim láidir ar an phobal LADTAI+ anseo sa Ghaeltacht. Tá an fhéile dhátheangach agus beidh tús áite i gcónaí ag an Ghaeilge
Ní bheadh an fhéile stairiúil seo á cur ar siúl gan an tacaíocht agus an fuinneamh a tugadh dúinn uaibhse an pobal galánta, anseo i gCloich Cheann Fhaola agus a chairde uilig. Léirigh sibh meas agus bród dúinn agus thug sibh uchtach agus go leor gáire dúinn chun leanúint ar aghaidh leis an eagrúchán ar fad.

Go raibh míle maith agaibh ó chroí agus bainigí sult as BRÓD a chairde!

Ó chriú Bród na Gaeltachta, Cloich Cheann Fhaola

This is the inaugural BRÓD na Gaeltachta, an historic community festival for Cloich Cheann Fhaola 18th - 23rd July.
This is an all inclusive festival highlighting the LGBTQI+ community and we have a program of bilingual events which give pride and priority to our Gaelic roots.
This festival would not be possible without your support and energy, the amazing and kind community of Cloich Cheann Fhaola and our friends. You showed us respect, courage, laughs and pride to keep organising.
Thank you from the bottom of our hearts and.... HAPPY PRIDE!

BRÓD na Gaeltachta, Cloich Cheann Fhaola



Guím gach rath agus bláth ar fhéile Bród na Gaeltachta.

Tá lúcháir orm gur pobal cuimsitheach muid agus go mbeidh muid ábalta ardán agus tacaíocht iomlán a thabhairt do phobal LADTAI+

Ní neart go cur le chéile.
Caitlín Nic Aoidh.



I'd like to wish Bród na Gaeltachta all the very best with the festival.
I'm so delighted that our community is an inclusive one that we can elevate and support the LGBTQI+ community.

Unity is strength.
Caitlín Nic Aoidh

# Dé Luain 18ú

## Siúl agus Comhrá le Sarah agus Evan

**Nádúr na Beatha, Dún Lúiche**
**12 - 2pm**
**Places are limited, booking essential via www.brodnagaeltachta.ie**

Tar linn agus bain sult as ár siúlóid agus comhrá treoraithe anseo faoi scáth na hEaragaile.
Beidh deis agat féachaint thart agus foghlaim faoin mheon taobh thiar den ghabháltas beag seo a bhí bunaíodh 6 bliana ó shin i nDún Lúiche.

Hop on the Bród na Gaeltachta shuttle and be taken to enjoy a guided walk'n'talk tour exploring the gardens and ethos behind a 6 year-old off-grid Permaculture Smallholding in Dún Lúiche.



Wellies/waterproofs/ outdoor appropriate clothing essential

*** Shuttle Bus Provided ***

Please Note: Nádúr na Beatha is a working farm with limited access and uneven ground, meaning unfortunately wheelchair/pram access is not available.

## Bród sna Cnoic – Cathal Ó Searcaigh

**Dámhlann an Ghleanna**
**6pm - 8pm**
**Ticket price €5**
**Places are limited, booking essential via www.brodnagaeltachta.ie**



Tráthnóna ceoil agus filíochta le ceannródaí nualitríochta Éireannach, Cathal Ó Searcaigh. Beidh tae agus buns ar fáil.

A bilingual evening of music and poetry with the pioneer of modern gay literature, Cathal Ó Searcaigh. Tea and queen cakes will be served.

## An Foclóir Aiteach/The Queer Dictionary

**Event will be hosted via Zoom**
**8.30pm - 9.30pm ticketed events - free**
**Book via www.brodnagaeltachta.ie**

Seo ócáid ar líne a bheas ag plé leis An Foclóir Aiteach agus an tábhacht ag baint le forbairt teanga don phobal LADTAI+

Online discussion event around the development of the dictionary and how important it is to have the ever evolving language covered in such a comprehensive way.

https://usi.ie/focloir-aiteach/





Is aistritheoir agus scríbhneoir é Tadhg Mac Eoghain atá lonnaithe i mBeirlín. Tá neart taighde déanta aige ar fhriotal ionchuimsitheach agus an pobal aiteach, agus tá sé i mbun oibre ar an dara eagrán de 'An Foclóir Aiteach' faoi láthair.

Tadhg Mac Eoghain is a translator and writer and is based in Berlin. Tadhg has extensively researched inclusive speech and the queer community and is currently writing the second edition of "An Foclóir Aiteach" (The Queer Dictionary).

Is iriseoir, file agua scríbhneoir í Daire Ní Chanáin as Doire. Is leispiach í ach is minic a mbainfeadh sí úsáid as an focal 'aerach'. Tá céim bainte amach aici sa Ghaeilge agus Léann an Aistriúcháin in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus tá sí anois ag obair leis an Derry Journal.

Daire Ní Chanáin is a journalist, poet and writer from Derry. Daire is a lesbian but often uses the term "aerach", gay.
She has a degree in Irish and translation studies from the University of Ireland, Galway and currently works for the Derry Journal.



## Dé Máirt 19ú

## Na Gay Gaels - Brian Lacey

**An tSean Bhearic**

**8pm**

Sa bhliain 1634 rinne parlaimint cóilíneach na hÉireann dlí úr i gcoinne na sodamachta - an chéad agus an t-aon dlí mar sin a rinneadh anseo in Éirinn, riamh. Roimhe sin bhí Éire Gaelach i bhfad níos báúla ó thaobh an homaighnéasaigh de. Sa chaint dhátheangach seo (le sleamhnáin) beidh Brian ag plé stair an homaighnéasaigh agus an t-aiteacht in Éire Gaelach ó thús na haimsire stairiúla, ag tosnú le Naomh Pádraig agus teacht na Críostaíochta síos go dtí deireadh na ré gaelaí ag tús an seachtú haois déag. Beidh scéaltaí fá choinne rudaí mar sin á lua ag Brian ó na sean-lámhscríbhínní: na dlíthe breithiúna, na téacsanna cráifeacha - mar shampla beathaí na naoimh agus dlíthe na heaglaise, agus dántaí na bhfilí Gaelacha ina measc.

In 1634 the colonial Irish parliament passed a law against sodomy. It was the first and only such law (criminalising homosexuality and queer behaviour) ever enacted in Ireland. Gaelic Ireland had been a lot more relaxed about such matters. In this illustrated, bilingual talk Brian will be looking at the history of homosexuality and queerness in Ireland from the beginning of the historic period with the arrival of St Patrick and Christianity down to the end of Gaelic Ireland at the beginning of the 17th century.  Brian will refer to stories in the ancient manuscripts about such matters in a variety of old texts such as the Brehon Laws, religious writing  - for example the saints' Lives and church laws, and the homoerotic poetry of the Gaelic bards.



Seandálaí agus staraí de chuid luath-mheánaois na hÉireann is ea Brian Lacey, údar an leabhair “Terrible Queer Creatures: Homosexuality in Irish History.”
Ba ghníomhaí aerach é i nDoire sna 70í, 80í, agus 90í.

Brian Lacey, an archaeologist and historian of early medieval Ireland, is the author of the book: ‘Terrible Queer Creatures: homosexuality in Irish history’.
He was a gay activist in Derry in the 1970s, 80s and 90s.

# Dé Céadaoin 20ú

**Cúlchaint Aiteach**
**Izzy Kamikaze, Brian Lacey & Seán Ó Dubhchon**
**An tSean Bheairic**
**8pm**

Ba cheannródaí luath í Izzy Kamikaze sa streachailt fhada ar son cearta an phobal LADTAI+.
Tá dearcadh radacach agus taithí phearsanta aici ar chuid den stair LADTAI+ a ba thabhactaí in Éirinn.

Bhí sí ansin ag an chéad mórshiúl i mBaile Átha Cliath agus bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí an chéad Dublin Pride agus North West Pride i Sligeach. Is laoch í.




Izzy Kamikaze is a pioneer in the long struggle for LGBTQ rights.

She brings a radical, first hand perspective of some key moments in the community's history—from the earliest marches in Dublin, through the founding of Dublin Pride and later North West Pride in Sligo. She is a legend.


Is craoltóir raidió, iriseoir, scríbhneoir agus múinteoir bunscoile é Seán Ó Dubhchon, ó Mhachaire Rabhartaigh i gContae Dhún na nGall ó dhúchas. Cuireann sé an clár cainte seachtainiúil Seal le Seán i láthair ón 8-10 gach maidin Aoine ar Raidió Rí-Rá agus tá sraith nua – Brisim Achan Rial – á cur i láthair ag Seán agus Emma Ní Chearúil ar RTÉ Raidió na Gaeltachta i rith an tsamhraidh.




Seán Ó Dubhcon is a radio broadcaster, journalist, writer and primary school teacher who is from Magheroarty in County Donegal. He presents a weekly talk show every Friday on Radió Rí-Rá and also has a new series – Brisim Achan Rial – presented by himself and Emma Ni Chearúil for RTE Raidió na Gaeltachta.

## Tapas agus Ceol Traidisiúnta le Denise Boyle agus Isabel Ní Chuireáin

**Caifé An tSean Bheairic**
**8pm**


The Strand Bar
and Kitchen
Príomhbhóthar
The Shamrock
Bar



ean Bheairic
Príomhbhóthar
Críochphointe - End Point
Scoil Naomh Fionán
ann Tosaigh - Starting Point
Ionad Naomh Fionnán
Bród na Gaeltachta
Cloich Cheann Fhaola
Cosán an Bhróid

# Déardaoin 21ú

## For The Love of Mary

**St. Ann’s Church, Killult**
**8.30pm Doors Open 8pm**
**Tickets €10**
**via www.brodnagaeltachta.ie**




Feicthe trí shúile mná easáitithe as cúlra Protastúnach/Aontachtach ach a chaith a saol ina cónaí i gceantar Náisiúnach/Caitliceach i dTuaisceart na hÉireann, seo dráma a insíonn scéal faoi dhúspéis phearsanta sa Mhaighdean Mhuire agus a daonnacht caillte, faighte ar ais sna scéalta inste ag mná na hÉireann.

Viewed through the lens of a displaced woman from a Protestant/Unionist background who has spent most of her life living in Nationalist (Catholic) areas in the North of Ireland,‘For the Love of Mary’ maps a personal fascination with the Virgin Mary and her lost humanity, rediscovered in those stories shared by women living in Ireland.



Is ealaíontóir focal labhartha, scríbhneoir, déantóir amharclainne, ealaíontóir ilmheán agus aisteoir í Mel Bradley. Bailitheoir scéalta mná nár insíodh. Is feimineach neamhbhalbh aiteach í le guth macánta agus oibseisiún mífholláin leis an Mhaighdean Mhuire. Deir sí féin gurb é ginias cruthaitheach atá inti agus chomh luaineach leis an ngaoth. Thosaigh sí a gairm focal labhartha mar “slam poet” agus anois tá trí seó focal labhartha agus dráma amháin deánta aici.

Mel Bradley is a spoken word artist, writer, playwright/ theatre-maker, multimedia artist and actor. A gatherer of the untold stories of women. An outspoken queer feminist performer with a candid voice and an unhealthy obsession in the Virgin Mary. A self-described creative genius with the attention span of a gnat who began her spoken word career as a slam poet and now boast three spoken words shows, and a play.

## Susie Blue & Band

**10.30pm**
**The Strand Road Bar & Kitchen**

Susie blue is a queer indie pop artist from Derry now based in Belfast, together with her band of merry men her live shows are electric and interactive.



## I Loinnir Lugh:
## poetry & harp accompaniment

**St Ann's, Killult 8.30pm**
**Tickets €10**
**Booking essential via www.brodnagaeltachta.ie**

Is as Doire Chonaire ó dhúchas í an file, ANNEMARIE NÍ CHURREÁIN. I measc an ábhair atá foilsithe aici tá Bloodroot (Doire Press, 2017), Town (The Salvage Press, 2018) agus The Poison Glen (The Gallery Press, 2021). Ag déanamh cur síos ar a cuid oibre bhí seo le rá ag An Yale Review “she often captures a whole world of cultural and historical implications in a single, simple, but metaphorically rich image”. Faoi láthair tá sí ag feidhmiú mar Ealaíontóir Cónaithe Dheich mBliana Chomóradh an Chéid le Comhairle Contae Dhún na nGall. Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.studiot-wentyfive.com.



ANNEMARIE NÍ CHURREÁIN is a poet originally from Derryconnor. Her publications include Bloodroot (Doire Press, 2017), Town (The Salvage Press, 2018) and The Poison Glen (The Gallery Press, 2021). Of her work The Yale Review has said that she “often captures a whole world of cultural and historical implications in a single, simple, but metaphorically rich image”. She is the Decade of Centenaries Artist in Residence with Donegal County Council.
Info visit www.studiotwentyfive.com.

# Dé hAoine 22ú



Is as Contae Dhoire í Lucia McGinnis ó dhúchas agus seinneann sí an chláirseach Ghaelach. Rinne sí staidéar ar an chláirseach le linn di Baitsiléir Ealaíon sa Cheol agus Rince Gaelach a bhaint amach in Ollscoil Luimnigh agus ansin thraenáil sí mar Theiripeoir Ceoil le Máistreacht sna hEalaíona. Tá tionchar ag a teagascóirí An Dr Janet Harbison, Michael Rooney agus Laoise Kelly ar a seinm agus faoi láthair tá sí ag feidhmiú mar theagascóir príobháideach agus ag teagasc in Acadamh Ceoil Éireannach i gClóidigh i gContae Dhoire.

Lucia McGinnis is an Irish Harp player from County Derry. Lucia studied the harp at the University of Limerick with a Bachelor of the Arts in Irish Music and Dance and further trained as a Music Therapist with a Masters in the Arts. Her playing is influenced by her tutors Dr. Janet Harbison, Michael Rooney and Laoise Kelly. She is currently a private tutor and teaching at an Irish Music Academy in Claudy Co. Derry.



# Dé Sathrain 23ú

**Mórshiúl**

Ag cruinniú ag 2in agus beidh an pharáid ag tosnú ag a 3in. Féach an tslí ar an léarscáil.

Deán cinnte seiceáil isteach ag an phointe chlárúcháin roimh thús an mhórshiúil.

**Parade**

Meeting at 2pm for kick-off at 3pm. For route, see map.

Make sure to check in at the registration point when you arrive.






# Club Bród

CEOL
FILÍOCHT
CRAIC
RÍ RÁ
AGUS
DAMHSA






Filíocht
Ciara Ní É
Sam Ó Fearraigh
Mel Bradley
Colm Mac Gearailt

TUATH

# Ceardlanna

**Seo í Bród - Ceardlann Déanamh Scannáin / Film-making Workshop**
**Ionad Naomh Fionnán**
**Dé Máirt 19ú - Déardaoin 21ú - Tues 19 - Thurs 21.**
**11am - 3pm**
**Places are limited so booking essential via www.brodnagaeltachta.ie**

Ceardlann do dhaoine óga (15-18) a bheireas scileanna scannánaíochta do ghrúpa agus iad ag déanamh gearrscannán úr Ghaeilge thar thréimhse 3 lá le Máirín & Daniel de Buitléir
Is stiúrthóir é Daniel a bhfuil roinnt duaiseanna bainte amach aige ar nós an LUMI Award ag Féile Scannán Bhéal Feirste agus 'Best New Director' ag na Kinsale Shark Awards dá fhíseán cheoil do rapalaí Gaelach KNEECAP.
Is aisteoir agus scríbhneoir í Máirín a ghlac seilbh ar an charactar Dee Daly sa siobal chlár Ros na Rún ar TG4.

Film workshop for teenagers 15 - 18. In this 3 day workshop facilitated by Máirín & Daniel de Buitléir, attendees will learn the basics of the film-making process and will produce a short film based on the theme of BRÓD/PRIDE.
Daniel is an award winning director. He won Best New Director for his work on the KNEECAP music video C.E.A.R.T.A
Máirín is a writer and an actor who played the character of Dee Daly on the TG4 soap, Ros na Rún

**Ciorcal Comhrá**
**11 - 1pm i dTeach Bhillie, Gort a' Choirce**
Comhrá i nGaeilge agus cupán tae gach lá le Caitlín Ní Bhroin, Oifigeach Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola. Fáilte roimh achan nduine agus achan leibhéal.
Ciorcal comhrá Monday - Friday. Conversation in Gaeilge and a cuppa with Caitlín Ní Bhroin, Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola. Everyone welcome with all levels of Gaeilge.

**Ag Lorg Óir / Panning for Gold: Ceardlann Filíocta**
**Teach Mhici Mhic Gabhann**
**Dé hAoine 22ú - Friday 22nd**
**12pm - 2.30pm**
**€25**
**Places are limited so booking essential via www.brodnagaeltachta.ie**

Leibhéil: Cuirtear fáilte roimh dhaoine le gach leibhéal taithí agus cumais.
Tugtar cuireadh duit freastal ar cheardlann ina ndéanfar ceird agus ealaín cumadh na filíochta a spíonadh leis an fhile iomráítí Annemarie Ní Churreáin. Gheobhaidh rannpháirtithe léargas ar chumadh filíochta i dtimpeallacht spreagúil tacúil agus cuirfear ar a gcumas téamaí ábhartha filíochta a aithint. Le linn na ceardlainne beifear ag plé an dóigh a gcuirtear tús leis an dán, cá dtagann sé as agus cad mar a dhéanfar an chéad dréacht a leagan síos ar pháipéar. Bainfear úsáid as cleachtaí ceardlainne ar nós leideanna don scríbhneoireacht chruthaitheach, filí aitheanta ag léamh agus ag déanamh anailíse ar a gcuid filíochta, agus plé sa ghrúpa.

Beidh an ceardlann seo ar siúl i seanteach Mhicí Mhic Gabhann, údar Rotha Mór an tSaoil (The Hard Road to Klondike). Rugadh Micí sa bhliain 1865, bhí dhá chloigeann déag ina chlann agus ba é féin an duine ba shine sa teaghlach. D'fhág Mac Gabhann Doire Chonaire nuair a bhí sé ina fhear óg, d'oibrigh sé ar fud Mheiriceá sular thug sé aghaidh ar Yukon i dtóraíocht an óir.

Levels: All levels of experience and ability welcome.
Join poet Annemarie Ní Churreáin for a workshop exploring the art and craft of writing poetry. In an encouraging and supportive environment, participants will learn to identify resonant poetry themes, gaining insights into the making of a poem. In this workshop we'll look at how and where a poem begins and how we can get a first draft onto the page. Workshop exercises will include creative writing prompts, close reading of work by established poets, and group discussion.

This workshop will take place in the former home of Micí Mac Gabhann, the author of Rotha Mor an tSaoil (The Hard Road to Klondike). Born in 1865, the eldest of twelve children, Mac Gabhann left Derryconnor as a young man and eventually worked his way across America, before embarking on the gold rush in the Yukon.

# Taibheoirí

## Ciara Ní É

Is scríbhneoir, gníomhaí agus craoltóir í Ciara Ní É. Bhí sí ar an liosta '100 Women Changing Ireland in 2022' de chuid an Irish Examiner. Tá sí mar ealaíontóir cónaithe leis an Dublin Fringe Festival faoi láthair, bhí sí mar Scríbhneoir Cónaithe DCU 2020 agus is ambasadóir í le hÁras Scríbhneoirí na hÉireann.

Ciara Ní É is a writer, activist, and broadcaster. She was chosen as one of the Irish Examiner's '100 Women Changing Ireland in 2022'. Ciara is currently Artist in Residence with the Dublin Fringe Festival, she was Writer in Residence at DCU in 2020, and she is an Irish Writers Centre ambassador.

## Seán Ó Baoil

Is iriseoir, aisteoir agus craoltóir teilifíse é Seán Ó Baoill. Is de bhunadh Loch an Iúir i nGaeltacht Thír Chonaill é ó dhúchas ach tá cónaí air anois i mBéal Feirste.

Bíonn Seán ag obair ar an tsraith An Focal Scoir mar thuairisceoir agus mar léiritheoir agus mar thuairisceoir ar I Lár an Aonaigh, irischlár de chuid BBC NI.

Sean Ó Baoill is a journalist, actor and TV broadcaster. He grew up in Loch an Iúir in the heart of the Donegal Gaeltacht. He now lives in Belfast. Sean works extensively across all aspects of TV production and can be seen reguarly on An Focal Scoir and I Lár an Aonaigh on BBCNI.

## Colm Mac Gearailt

Is aisteoir, file, agus staraí é Colm Mac Gearailt, as Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí. Ceapadh é mar an chéad 'File Cónaitheach' riamh sa Díseart, An Daingean, i 2021. Mar chuid de seo bhíos ag cur filíocht ó bhéal chun cinn i gCorca Dhuibhne.

Colm Mac Gearailt is an actor, poet and historian from Corca Dhuibhne, Co Kerry. He was the first poet in residence in an Díseart, An Daingean, in 2021. Central to this he worked to promote the spoken word in Corca Dhuibhne.

## Sam Ó Fearraigh

Scríbhneoir agus file is ea Sam Ó Fearraigh, as Gort a' Choirce i gCloich Cheann Fhaola. Is ball é den chomharghrúpa ealaíona aiteach Aerach.Aiteach.Gaelach agus de Mhisneach, grúpa a bhíonn ag feachtasaíocht ar son chearta teanga na nGael.

Sam is a writer and poet from Gortahork in Cloich Cheann Fhaola. He is a member of the queer arts collective Aerach.Aiteach.Gaelach as well as Misneach, a group which campaigns for Irish-language rights.

**CHERYM**
Níl faitíos dá laghad ar CHERYM atá réidh le hoideas zingiailte punc a thabhairt dúinn uilig. Is as Doire an triúr seo le cumadóireacht tógálach álainn.
Serving up a zingy, fearless new recipe for pop punk rock, CHERYM are a three-piece from Derry in Northern Ireland with some seriously infectious songwriting credentials.

**Tuath**
Is banna ilteangach, turgnamhach trip-hop/rac iad Tuath le blas sícideileach bunaithe i Dhún na nGall.
Tuath is a multilingual, experimental trip-hop/rock band with hints of psychedelia and shoegaze, based in Donegal, Ireland

## Imeachtaí Eile

**Siúlóid ar Iarnród na Mucaise le Donegal Gay Walking Group / Muckish Railway Walk with Donegal Gay Walking Group**
**Dé Domhnaigh 17ú / Sun 17th**
**10.45am**
**Droichead an Fhidléara / Fiddler's Bridge**

Tar ar shiúlóid leis an Donegal Gay Walking Group ar shean-iarnród na Mucaise. Siúlóid 10km a bheas ann, thart ar 4.5 uaire le sos san áireamh, ar thalamh cothrom fóirsteanach do chumais éagsúla aclaíochta. Tabhair leat cóta báistí, uisce, agus lón. Cuir scairt ar Sam ag 0861597010 fá choinne tuilleadh eolais.

Join the Donegal Gay Walking Group for a hike along the old Muckish railway line. Distance is about 10km, roughly 4.5 hours including a break, on flat ground suitable for most fitness levels. Please bring a raincoat, water, and packed lunch. Contact Sam at 0861597010 for more information.

Buíochas/Thanks: Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola, Sean Fitzgerald, Anna Ní Pheanróis,
Jen McCarron, Youthreach, Cloughaneely Players, Martha Baskin, Pobail Le Chéile, Pierce Butler, Sinead Flanagan, Shamrock Lodge, The Strand Road Bar & Kitchen, Óstán Loch Altan, Paddy McHugh, An tSean Bheairic agus Teach Bhillie.
Agus achan nduine a thug tacaíocht don fhéile.

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Údarás na Gaeltachta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola

Pobail le Chéile CDP Teo.

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA
FORBAIRT NA nEALAÍON DÚCHASACHA AGUS COMHAIMSEARTHA

TACAÍOCHT SUPPORT